Cúnamh maidir le forbairt tionscadail: roinneann cathracha agus réigiúin Chúnant na Méaraí an taithí atá acu féin!

Tá go leor de shínitheoirí Chúnant na Méaraí tar éis leas a bhaint as saoráidí cúnaimh theicniúil chun tionscadail a fhorbairt mar chuid dá bPleananna Gníomhaíochta maidir le Fuinneamh Inbhuanaithe agus leis an Aeráid. I leabhrán a foilsíodh le gairid, bhailíomar a bhfuil foghlamtha ag cathracha agus ag réigiúin ar fud na hEorpa go léir a bhain leas as cúnamh teicniúil, nó a bhfuil leas á bhaint acu as cúnamh teicniúil faoi láthair, agus é mar aidhm linn cabhrú le tairbhithe amach anseo sa phróiseas iarratais.



Cúnamh maidir le forbairt tionscadail Fís 2020

Taithí Solrød na Danmhairge
In 2014, chuaigh bardas Solrød i gcomhar le comhpháirtithe tionsclaíochta, soláthraithe, asraonta agus institiúidí taighde chun Gléasra Bithgháis Solrød a fhorbairt. Fuinneamh glas ó fheamainn agus ó sheachtháirgí eile amhail dramhaíl orgánach agus aoileach ó fheirmeoirí eile a tháirgtear sa ghléasra seo. Comhpháirtíocht nuálach phoiblí-phríobháideach atá ann, lenar tionscnaíodh tairbhithe iomadúla do phobal níos leithne Solrød agus do pháirtithe leasmhara sa cheantar trí fhoinsí nua fuinnimh in-athnuaite a chur ar fáil.
Faoi ionstraim MLEI den Chlár Eorpach um Stuamacht Fuinnimh*, fuarthas maoiniú don chéim dheiridh ullmhúcháin, agus don bhainistíocht tionscadail agus cumarsáide, agus chabhraigh an maoiniú sin le teicnící tairisceana freisin. Léirítear rath an tionscadail le hinfheistíocht €12.7 milliún i gconradh foirgníochta lándéanta i ndáil le gléasra bithgháis teasa agus cumhachta in éineacht a thógáil agus le hinneall bithgháis a cheannach, laghdú timpeall 40,100 tonna CO2/bliain ar astaíochtaí CO2, agus táirgeadh 60 GWh/bliain d'fhuinneamh ó fhoinsí inathnuaite.

Taithí Réigiún Torino na hIodáile
Tháinig an tionscadal 2020Together chun cinn ón ngá a bhí ann bacainní ar mhaoiniú ar leibhéal áitiúil a shárú chun tús a chur le hathchóiriú foirgneamh poiblí agus soilsí sráide ar mhaithe leis an éifeachtúlacht fuinnimh. Chuaigh ceantar bardasach Torino i bpáirt le Réigiún Piedmont, le Cathair Torino agus leis an bPáirc Chomhshaoil.
Díríodh go speisialta ar bhearta maoinithe nuálacha de Chonarthaí Feidhmíochta Fuinnimh agus ar chineálacha nua comhpháirtíochta airgeadais a chur i bhfeidhm idir údaráis áitiúla phoiblí agus infheisteoirí príobháideacha amhail cuideachtaí spárála fuinnimh. I rith an tionscadail, bhain 11 bhardasacht ó limistéar cathrach Torino tairbhe as samhail nuálach na tairisceana i ndáil le héifeachtúlacht fuinnimh a forbraíodh mar chuid den tionscadail, agus tá tionscadal den chineál céanna curtha ar bun ag 10 mbardasacht eile. Forbraíodh treoir chun conarthaí CPE a dhréachtú bunaithe ar thaithí 2020Together chun macasamhlú a spreagadh (Guide for drawing up EPC contracts – The 2020Together experience).

Saoráid um Chúnamh Teicniúil de chuid an Chiste Eorpaigh um Éifeachtúlacht Fuinnimh (CEEF)

Taithí Réigiún Ferrara na hIodáile
I réigiún Emilia Romagna, tá tairbhe díreach á bhaint ag na 4 bhardas in Ferrara, Cento, Mesola agus Voghiera as cúnamh teicniúil faoi CEEF, agus tá sé beartaithe soilsiú sráide a uasghrádú agus aisfheistiú ó bhonn a dhéanamh ar 12 fhoirgneamh (oifigí, hallaí baile, saoráidí spóirt agus scoileanna). Cuimsítear leis na seirbhísí forbartha tionscadail faoin gCiste tacaíocht theicniúil san fhorbairt tionscadail chun na staidéir thosaigh agus na hiniúchtaí fuinnimh a dhéanamh. Maidir le roghnú cuideachtaí spárála fuinnimh, fuarthas comhairle dlí chun an próiseas soláthair phoiblí a struchtúrú agus chun an creat dlíthiúil a chur ar bun. Ina theannta sin, sainmhíníodh córas fíoraithe agus réitigh thomhais chun faireachán a dhéanamh ar an gcoigilteas a bhainfear amach. Is é €30.8 milliún méid iomlán measta an chúnaimh theicniúil don tionscadal i Réigiún Ferrara.

Tá na samplaí sin go léir, agus samplaí eile nach iad, le fáil san fhoilseachán is déanaí linn maidir le **Cúnamh Forbartha do Thionscadail – Ceachtanna a foghlaimíodh ó Phobal Chúnant na Méaraí** (Project Development Assistance – Lessons learnt from the Covenant of Mayors Community). Fís 2020 (Horizon 2020), CEEF, an tSaoráid Eorpach um Chúnamh Áitiúil i Réimse an Fhuinnimh (ELENA)… Faigh amach cé acu saoráid cúnaimh forbartha do thionscadail is fearr a oireann don tionscadal atá agat féin!

** Sheol an Coimisiún Eorpach an Clár Eorpach um Stuamacht Fuinnimh (CESF) (Intelligent Energy – Europe (IEE)) in 2003 chun lámh chúnta a thabhairt d'eagraíochtaí ar mian leo feabhas a chur ar inbhuanaitheacht fuinnimh. Faoi chlár Fís 2020 an Aontais Eorpaigh, tacaítear anois le taighde ar theicneolaíochtaí atá éifeachtúil ar fhuinneamh, léiriú a thabhairt orthu, agus a nglacadh sa mhargadh.*